

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA CHORCAÍ
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
EANÁIR 2015 – NOLLAIG 2015

Clár Ábhar

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	3
Brollach ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	3
Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	4
Eagrú Seirbhísí.....	4
Scoileanna.....	5
Iar-bhunscoileanna.....	5
Coláistí Breisoideachais (Iar-Ardteistiméireacht).....	5
Breisoideachas agus Oiliúint.....	6
Raon an tSoláthair.....	6
Seirbhísí don Ógra.....	7
Oideachas Aosach agus Pobail.....	8
Bonneagar.....	11
Caidrimh thábhachtacha.....	12
Achoimre Airgeadais.....	13
Giorrúcháin.....	14
ETB Bord Oideachais agus Oiliúna.....	14
Aguisín 1.....	15
Scoileanna, Ionaid Oideachais agus Fochoistí atá faoi rialú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	15
Scoileanna.....	15
Ionaid Oideachais agus Oiliúna.....	16
Ionaid Ógtheagmhála.....	16
Pobalscoileanna ar a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhiontaobhaí 16	
Scoileanna Cuimsitheacha ar a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhphátrún.....	16
Scoileanna Náisiúnta Pobail.....	16
Coistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.....	16

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Bliain a bhí lán d'aistriú agus d'athruithe do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí a bhí sa bhliain seo. Le linn na tréimhse tuairiscithe, lean an Bord ar aghaidh ag cur struchtúr chun feidhme mar a leagadh amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Cuireadh Coiste Iniúcháireachta agus Coiste Airgeadais ar bun i mí Iúil 2015. Cuid dhílis den struchtúr Rialachais Chorparáidigh don Bhord atá sa dá Choiste sin. Tá sé cruthaithe go bhfuil a gcuid oibre thar a bheith luachmhar.

Leanann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí leis an traidisiún bródúil um sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dá chuid foghlaimeoirí agus, chuige sin, táthar ag leanúint leis an obair ar thrí eagraíocht ar leith a chónascadh isteach san aon eagraíocht chomhtháite amháin. Is mór ag an mBord dúthracht na foirne d'fhoghlaimeoirí agus don aon eagraíocht amháin a fhorbairt. Mar Chathaoirleach, tá sé tábhachtach a aithint go dtiocfaidh dúshlán aníos ó am go chéile maidir le cónascadh na dtrí eagraíocht. Mar sin féin, tá muinín agam as athléimneacht na heagraíochta agus na foirne agus na dúshlán sin á sárú acu.

An Comh. Patrick Gerard Murphy

Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Brollach ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Bliain inar díriodh ar sheirbhísí a chomhdhlúthú agus ar sholáthar a bhí sa bhliain seo. Mar atá an scéal le heagraíocht ar bith a thagann chun cinn de bharr cumaisc, tógann sé roinnt ama chun féiniúlacht na heagraíochta nua a dhaingniú. D'ainneoin na fírice sin, tá na baill foirne ag leanúint le glacadh leis an eagraíocht nua agus leis na dúshlán a bhaineann le comhdhlúthú. Tá ardmholadh tuillte acu as an gcomhar agus as an ngairmiúlacht a thaispeáin siad le linn an chumaisc. Bunaíodh an Cheanncheathrú Chorparáideach go daingean. Aistríodh na baill foirne ar fad ag a bhfuil feidhmeanna Ceannoifige chuig láthair amháin atá lonnaithe ag 21 Cé Lavitt.

Gné den eagraíocht is ea soláthar seirbhíse acadúil agus riaracháin de réir mar a dhéanaimid ár ndícheall baill foirne, córais agus seirbhísí a chomhtháthú chun sineirgí a chruthú lena gcinnteofar go mbeidh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina shársholáthraí seirbhísí oideachais agus oiliúna i gCorcaigh. Molaim na baill foirne as a ndianiarracht an soláthraí roghnaithe d'fhoghlaimeoirí i gCorcaigh a dhéanamh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus as a ndúthracht dár bhfoghlaimeoirí agus don eagraíocht.

An tUas. Timothy Owens
Príomhfheidhmeannach

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Teideal	Céadainm	Sloinne	Teideal	Céadainm	Sloinne
An Comh.	Des	O'Grady	An Comh.	Margaret	Murphy O'Mahony
An Comh.	Michael	Hegarty	An Comh.	Tim	Brosnan
An Comh.	Mary	Hegarty	An Comh.	Mary	Shields
An Comh.	Patrick G	Murphy	An Comh.	Chris	O'Leary
An Comh.	Christopher	O'Sullivan	An Comh.	Laura	McGonigle
An Comh.	Claire	Cullinane	An Comh.	Padraig	O'Sullivan
An tUas.	Paudie	Palmer		Maura	Fitzgibbon
	Una	O'Donnell	An tUas.	Sean	O'Sullivan
	Gillian	Keating		Biddy	McDonagh
An Don.	Tom	Deenihan	An tUas.	Declan	O'Leary
	Mary	O'Grady			

Eagrú Seirbhísí

Sa bhliain 2015, lean Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí leis an obair chasta a bhí i gceist le baill foirne, córais agus próisis a chónascadh. Go luath sa bhliain, bhí na baill foirne go léir den cheannoifig lonnaithe sa Cheanncheathrú Chorparáideach ag 21 Cé Lavitt. Ba ar na baill foirne a chomhdhlúthú isteach san aon eagraíocht amháin a bhí an díriú sa bhliain 2015.

Leanadh leis an obair ar leibhéal náisiúnta ar bhaill foirne SOLAS a chónascadh agus go háirithe ar bheartais agus nósanna imeachta a chónascadh. Ar leibhéal áitiúil, lean an lucht bainistíochta leis an obair ar bhaill foirne a chomhtháthú agus aird a tharraingt ar an eagraíocht nua. Ceann de na meicníochtaí a úsáideadh ba ea forbairt, cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme leantach na gcóras TF.

I measc roinnt de na hathruithe TF a rinneadh sa bhliain, tugadh isteach duillíní pá ar líne don fhoireann ar fad, iarrataí ar líne ar shaoire agus córas íocaíochta ar líne do thuismitheoirí agus uasghrádaíodh an córas íocaíochta ar líne do Choláistí/d'Ionaid.

I dteannta an chórais oibriúcháin uasghrádaithe CORE, tugadh earcaíocht ar líne isteach agus thug Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí faoi roinnt mhaith oibre chun a chinntiú go mbeadh an córas oiriúnach don fheidhm san earnáil. Athbhreithníodh gach gné d'earcaíocht i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus cuireadh nósanna imeachta nua chun feidhme tar éis próiseas comhairliúcháin le húsáideoirí an chórais.

Ar leibhéal náisiúnta, fíoraíodh tabhairt isteach Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna. Sainaitníodh céimeanna eatramhacha mar chuid de ríomhshonrascú a thabhairt isteach de réir a chéile. D'ainmnigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí baill foirne a ghlacfaidh páirt i bhfócasghrúpaí éagsúla chun próisis a athbhreithniú d'fhonn a chinntiú go mbeadh na socruithe eatramhacha oiriúnach don fheidhm. Cuireadh tús le hobair ar Sheirbhísí Comhroinnte Párolla d'earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna ar leibhéal náisiúnta sa bhliain 2015. Chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí tacaíocht agus comhairle ar fáil don oifig tionscadail mar a iarradh.

Lean tionchar mhoratóir na hearnála poiblí ar phoist neamhtheagaisc ar aghaidh ag cruthú dúshlán don eagraíocht. Ní hé amháin go ndeachaigh sé i bhfeidhm ar an gCeannoifig, ach chuaigh sé i bhfeidhm ar Choláistí agus ar Ionaid freisin.

Leanann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí de bheith tiomanta dá chuid seirbhísí a fheabhsú go leanúnach i gcomhthéacs an Chláir de chuid an Rialtais um Sheirbhísí Poiblí a Bhunathrú agus ar mhaithe le dea-rialachas corparáideach.

Scoileanna

Tá 17 gColáiste Iar-bhunscoile faoina stiúir ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Tá 11 Choláiste Iar-bhunscoile Ainmnithe ann freisin a bhfuil comhaontuithe eiseamláireacha aige le Deoise Chorcaí agus Rois agus Deoise Chluana ina leith. Tá 3 Choláiste Breisoideachais ar áireamh sna 17 gColáiste. Laistigh de na coláistí iar-bhunscoile aitheanta, is ionann agus 10,431 dhalta iar-bhunscoile an rollú iomlán daltaí agus tá 5,232 fhoghlaimoir rollaithe i gcoláistí breisoideachais.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina chomhphátrún/chomhiontaobhaí ar 12 Phobalscoil freisin. Féach aguisín 1 chun liosta iomlán a fháil de na Coláistí agus na hIonaid go léir atá faoi stiúir ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

Iar-bhunscoileanna

Sa scoilbhliain 2013/2014, lean rolluithe in Iar-bhunscoileanna ar aghaidh ag méadú. I mí Mheán Fómhair, d'oscail Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí scoil nua, mar atá Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin. B'ionann rollú na chéad bhliana agus 20 dalta. Lean Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí leis an obair ar Mannix College ar an Ráth a dhúnadh agus le hobair i gcomhar le geallsealbhóirí éagsúla chun a chinntiú go gcuirfí dúnadh eagraithe ar siúl sa bhliain 2016.

Cuireadh tús le hullmhúcháin freisin le haghaidh Skibbereen Community School a chur ar bun. Beidh an scoil ina scoil iar-bhunscoile chomhoideachais a thiocfaidh as Rossa College, Mercy Heights Secondary School agus St. Fachtna's - De La Salle College a chónascadh. Beidh an scoil faoi chomhiontaobhas Dheoise Chorcaí agus Rois, iontaobhaithe Mercy Heights agus Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

Fuair Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí cead le haghaidh Coláiste Pobail Ainmnithe nua i gCarraig Thuathail a oscailt i mí Mheán Fómhair 2016 faoi chomhphátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus Dheoise Chluana. Is coláiste pobail comhoideachais ar láithreán úrnua í an scoil. Tá sí á forbairt chun soláthar a dhéanamh do rollú beartaithe 1,000 dalta.

Coláistí Breisoideachais (Iar-Ardteistiméireacht)

Lean Coláistí Breisoideachais Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí le raon cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a sholáthar. Bhí sé cosúil leis an raon cúrsaí sin a soláthraíodh sa bhliain roimhe. Cé gurb amhlaidh go ndearna na coláistí cúrsaí a oiriúnú agus a mhodhnú nuair ab fhéidir chun freastal ar riachtanais an mhargaidh shaothair áitiúil agus an fhoghlaimora, bhí srian mór ann ar acmhainn an Bhoird Oideachais agus Oiliúna soláthar a dhéanamh do chúrsa a bheadh nua ar fad a fhorbairt agus a thabhairt isteach. B'amhlaidh sin mar gheall ar easpa solúbthachta a d'eascair as rolluithe laghdaithe agus laghduithe ar an leithdháileadh iomlán múinteoirí de bharr an laghdaithe ar rolluithe sa bhliain roimhe.

Tar éis bhunú Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, measadh é a bheith riachtanach agus inmhianaithe athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar Iar-Ardteistiméireachta ar fud na scéime, ar chineál agus limistéar a chuir i bhfeidhm, ar na láidreachtaí agus na laigí sa tsamhail reatha soláthair, agus ar bhealaí féideartha ar aghaidh. Rinneadh obair idir an 2ú

agus an 3ú Ráithe den bhliain 2014 chun doiciméad beartais a fhorbairt lena chur faoi bhráid an Bhoird ag an gcruinniú dá chuid i mí na Samhna.

Ag léiriú na bprionsabal agus na spriocanna straitéiseacha a leagtar amach sa “Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2014–2019” arna foilsiú ag SOLAS, díriodh sa doiciméad beartais ar a chinntiú:

- Go bhfuil na cláir ar ardchaighdeán
- Go soláthraíonn siad bealaí soiléire chun cinn – chun na fostaíochta agus/nó chun an ardoideachais
- Go bhfuil siad ábhartha agus cothrom le dáta

D’fháiltigh an Bord roimh an doiciméad agus roimh na tograí a bhí istigh ann. Mhol sé, áfach, gan gníomhartha a dhéanamh arbh é an toradh dóchúil a bheadh orthu an soláthar Iar-Ardteistiméireachta ar fad a bhaint de limistéir mhóra sa chontae. D’fhágadh sé sin nach mbeadh deiseanna inrochtana oideachais lánaimseartha ag na limistéir sin d’fhágáilithe scoile agus d’aosáigh lánfhásta ar mhaith leo filleadh ar an oideachas.

Ar fud na bliana 2015, bhí Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí i dteagmháil le hionaid Iar-Ardteistiméireachta chun gnéithe den bheartas forbartha Iar-Ardteistiméireachta a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Breisoideachas agus Oiliúint

Cé gur cónascadh Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí agus Coiste Gairmoideachais Chontae Chorcaí an 1 Iúil 2013, níor comhtháthaíodh an oiliúint ar fad de chuid SOLAS/FÁS isteach i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí go dtí an 1 Eanáir 2014. Tar éis an fheidhm oiliúna sin a thabhairt do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, d’éirigh Ionad Oiliúna SOLAS, Ascaill Rosa, ar an bpointe fócasach agus ar an ionad le haghaidh gach gníomhaíochta oiliúna sa chontae. Sna míonna roimh an gcónascadh, bhí obair á déanamh ar bhaill foirne agus acmhainní a chónascadh chun a chinntiú go mbeadh aistriú réidh ann.

Leis an Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, aistríodh chuig na Boird Oideachais agus Oiliúna an fhreagracht as an oiliúint ar fad a chuireadh FÁS/SOLAS ar fáil roimhe sin. Ina theannta sin, foráladh d’earnáil chomhtháite Breisoideachais agus Oiliúna a fhorbairt. Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí raon leathan clár oiliúna trí Ionad Oiliúna Chorcaí agus trína seirbhísí gaolmhara. Is é aidhm na gclár sin freastal ar na riachtanais oiliúna atá ag daoine aonair, bíodh siad fostaithe nó dífhostaithe, agus ar na riachtanais ghnó agus eacnamaíochta atá ag fostóirí sa réigiún.

Raon an tSoláthair

Le soláthar breisoideachais agus oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí, tairgeadh cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha i raon leathan réimsí do phobal mór éagsúil foghlaimoirí aosacha agus foghlaimoirí iar-mheánoideachais. Soláthraítear na cúrsaí sin sa lá agus san oíche. Áirítear leis na cláir:

- An Iar-Ardteistiméireacht
- Printíseachtaí
- Cúrsaí Oiliúna
- Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS)
- An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI)

- Litearthacht d'Aosaigh
- Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach (ITABE)
- Oideachas Pobail
- Oiliúint Scileanna Sonracha
- Ógtheagmháil
- Ionaid Oiliúna Pobail
- Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna
- Seirbhís Oideachais Phríosúin
- Seirbhís tar éis Scaoilte ó Phríosúin
- Scileanna don Obair
- Comhar le hinstitiúidí eile

Deis agus dúshlán araon do Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ba ea na Boird Oideachais agus Oiliúna a bhunú agus earnáil chomhtháite Breisoideachais agus Oiliúna a chruthú, agus díriú soiléir á chur ar fhorbairt agus soláthar a dhéanamh ar chúrsaí agus ar chlár a ullmhaíonn daoine le haghaidh fostaíochta agus/nó staidéar breise. Gnéithe de sheirbhís gairmoideachais agus oiliúna Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar fud na tréimhse sin ba ea forbairt a dhéanamh ar chlár chomhordaithe le haghaidh soláthar clár a bhí dírithe ar dhúbláil a íoslachdú, ar rochtain a mhéadú do dhaoine aonair, ar ábharthacht a fheabhsú d'fhostóirí agus ar cháilíocht na gclár ar tairiscint a choinneáil agus a mhéadú.

Ionad Oiliúna Chorcaí

Sa bhliain 2015, leanadh le feabhas a chur ar dheiseanna geilleagracha agus fostaíochta. Ba é 8% an meánráta dífhostaíochta. Bhí an bhliain sin ar an gcéad bhliain iomlán le haghaidh tuairisciú ar chóras SOLAS um Iarraidh agus Tuairisciú ar Leithdháiltí Cistithe (FARR). Leis an gcóras FARR, gabhtar sonraí cainníochtúla chun críocha pleanáil agus tuairisciú a dhéanamh.

Ghlac 4,505 rannpháirtí páirt in oiliúint ar 242 chúrsa sa bhliain 2015. Thug 3,140 rannpháirtí (853 phrintíseach ina measc) faoi chúrsaí lánaimseartha lae agus thug 1635 rannpháirtí faoi chúrsaí páirtaimseartha nó faoi chúrsaí cumaisc. Bhí 853 dhuine díobh sin ina bprintísigh a bhí ag tabhairt faoi chéimeanna 2, 4 nó 6. De na 4505 rannpháirtí ar fad, bhí 1,497 nduine (33%) dífhostaithe ar feadh níos mó ná dhá mhí dhéag. Tríd is tríd, bhí an líon iarratas ar chúrsaí cosúil leis an mbliain roimhe. Tá treocht anuas ann le 3 bliana anuas. Luadh go raibh athruithe ar chúinsí eacnamaíocha agus laghduithe ar thacaí airgeadais ar an toisc rannpháirteach ba shuntasá a bhí taobh thiar de thearcúsáid an leithdháilte.

De bhreis ar oiliúint a chur ar dhaoine dífhostaithe, tugtar faoi phrintísigh a bhainistiú agus faoi oiliúint a chur orthu. Bhí 383 phrintíseach cláraithe sa bhliain 2015. B'ionann an líon sin agus méadú 14% ar na cláruithe sa bhliain 2014. Bhí oideachas níos ísle ná an Ardeistiméireacht ag 74 dhuine díobh (29%). Bhí an Ardeistiméireacht gnóthaithe ag na 309 nduine eile (71%).

Seirbhísí don Ógra

Faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, tá feidhmeanna reachtacha ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí maidir le tacaíocht a thabhairt do sheirbhísí um obair don ógra ina limistéar feidhme a sholáthar, a chomhordú, a riar agus a mheasúnú.

Chuige sin, cuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí na seirbhísí seo a leanas ar fáil tríd an Aonad um Obair don Ógra:

- Riar a dhéanamh ar an Tionscadal Speisialta um chistiú don Aos Óg agus um chistiú an YPSF do sheirbhísí don ógra thar ceann na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcás tionscadal i gCorcaigh
- Cistiú a leithdháileadh ar roinnt Tionscadal de chuid an Tascfhórsa Drugaí Áitiúil i gCorcaigh
- An Scéim Deontais do Chlubanna Óige a riar le haghaidh grúpaí deonacha beaga um obair don ógra (nach grúpaí spóirt iad)
- Seirbhísí don ógra i gCathair Chorcaí agus i gContae Chorcaí a fhorbairt go straitéiseach agus seirbhísí don ógra a chomhordú ar fud gníomhaireachtaí áitiúla
- Rannpháirtíocht/Rannpháirteachas an Ógra a chur chun cinn – Comhairle na nÓg, Corcaigh
- Creat um na Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta d'Obair don Aos Óg a chur chun feidhme

Cuirtear príomhscéim deontas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí i dtaca le hobair don ógra ar fáil ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Cuirtear deontais ar fáil do thionscadail speisialta lasmuigh den scoil do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Is iad na scéimeanna sin ná Tionscadail Speisialta don Aos Óg (SPY), an Ciste um Áiseanna agus Seirbhísí do Dhaoine Óga (YPFSF) agus Eolas don Ógra (YIC). Tugtar tús áite do thionscadail sna réimsí seo: tionscnaimh speisialta um obair don ógra, daoine óga gan dídean, mí-úsáideoirí óga substaintí agus taistealaithe óga. Leithdháiltear deontais ar eagraíochtaí agus ar ghrúpaí le haghaidh tionscadail shonracha arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine óga atá faoi mhíbhuntáiste de bharr na dtosca seo a leanas go léir nó roinnt díobh:

- pobal ard daoine óga
- óg-dhífhostaíocht
- spleáchas ar leas sóisialach/ar chúnamh dífhostaíochta
- aonrú sóisialta
- mí-úsáid drugaí/substaintí
- easpa dídine (easpa dídine shealadach san áireamh)
- fadhbanna a bhaineann le hógchoireacht, le loitiméireacht agus le múitseáil
- bearna i seirbhísí príomhshruitha don ógra
- glacadh neamhleor gnáthdheiseanna oideachais.

Is é aidhm na dtionscnaimh um obair don ógra a fhaigheann cúnamh deontais ná forbairt phearsanta agus shóisialta na rannpháirtithe a éascú ionas go mbeidh siad in ann lán a gcumais a bhaint amach agus cabhrú leo go háirithe leis an eolas, na scileanna agus na dearchtaí a theastaíonn le haghaidh a gcomhtháthaithe chuí sa tsochaí. Anuas air sin, tugann siad deiseanna do dhaoine óga tabhairt faoi ghníomhartha a chomhfhreagraíonn dá mianta féin agus glacadh le freagrachtaí laistigh dá bpobal áitiúil.

Oideachas Aosach agus Pobail

Soláthraíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí raon leathan clár deimhnithe agus neamhdheimhnithe ar bhonn páirtaimseartha agus lánaimseartha do phobal mór i gCathair Chorcaí agus i gContae Chorcaí. Sa bhliain 2015, bhain breis agus 18,000 duine leas as an mbealach ar leith sin chun aistriú a rochtain agus dul chun cinn a dhéanamh san Oideachas. Rinneadh cúrsaí a fhorbairt agus a sholáthar inár n-ionaid bhunaithe féin agus in ionaid for-rochtana ar fud an limistéir. Déanaimid ár ndícheall cláir nuálacha inghnóthaithe a cheapadh lena gcabhrófar le daoine dul chun cinn a dhéanamh san oideachas agus san oiliúint nó dul

ar aghaidh chun fostaíochta. Is cláir sholúbtha ilchineálacha iad na cláir sin ó thaobh soláthair agus ábhair de.

Pleanáiltear cláir bheartaithe i gcomhar le líonraí agus le geallsealbhóirí agus ag féachaint do thuarascálacha ar na deiseanna fostaíochta i ngach limistéar. Is é is aidhm dúinn na foghlaimoírí a mhealladh chun páirt a ghlacadh in oideachas agus oiliúint, cabhrú leo leibhéal 4/5 den Chreat a bhaint amach agus, trínár Seirbhís Treorach, eolas a thabhairt dóibh agus iad a mholadh dul ar aghaidh chun breisoideachais agus oiliúna nó dul isteach sa mhargadh saothair.

Oideachas Pobail

Tríd is tríd, soláthraítear Oideachas Pobail i gcomhpháirt le heagraíochtaí pobail d'fhonn deiseanna foghlama áitiúla a chur ar fáil. Tá sé mar aidhm aige forbairt a dhéanamh ar acmhainn na bpobal áitiúil freagairtí a fhorbairt do mhíbhuntáiste oideachasúil agus struchtúrtha. Is neamhchreidiúnaithe den chuid is mó atá ranganna Oideachais Phobail. Díríonn siad ar obair réamhghorbartha le grúpaí agus é mar aidhm acu dul ar aghaidh chuig cláir dheimhnithe eile sa Bhord Oideachais agus Oiliúna ina dhiaidh sin. Reáchtáladh 86 chineál éagsúla cúrsa sa bhliain 2015.

Reáchtáiltear “cláir bhlaiste” tríd an gClár Oideachais Phobail. Is é an toradh atá orthu ná teagmháil tosaigh le grúpaí dorochtana sa phobal. Forbraítear cúrsaí um Fhilleadh ar an Oideachas mar bheart iardain agus téann roinnt mhaith de na rannpháirtithe sna cláir bhlaiste ar aghaidh chuig na cláir sin.

An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas

Díríonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ar Sheirbhís chomhtháite Oideachais Aosaigh agus Oiliúna a thairiscint. Cuirtear creidiúnú ar fáil ag leibhéal 1-5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Cuimsíonn an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas fíis agus misean an bhreisoideachais agus na hoiliúna cheana féin.

Soláthraítear cláir de chuid an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas i ngach ceann de na príomhlimistéir chathrach, i ngach mórionad uirbeach sa chontae, beagnach, agus i roinnt mhaith limistéar tuaithe. Is é aidhm na gclár sin cláir agus tacaí oideachais a thairiscint atá ar ardchaighdeán, níos fusa le rochtain agus solúbtha agus atá oiriúnach do riachtanais shainaitheanta an duine aonair.

Sa bhliain 2015, d'aistríomar i dtreo cláir ag leibhéal 3 agus 4 a sholáthar den chuid ba mhó. Soláthraíodh líon beag clár ag leibhéal 2 agus ag leibhéal páirtaimseartha 5. Ba ar bhonn comhtháite sna cláir uile a oibríodh an tSeirbhís Litearthachta d'Aosaigh. Le comhtháthú na bpríomhinniúlachtaí ag leibhéal 3 agus 4, réitíodh an bealach d'fhoghlaimoírí le haghaidh dul ar aghaidh chuig leibhéal níos airde.

Litearthacht

Soláthraíonn an tSeirbhís Litearthachta i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí raon leathan clár atá dírithe ar scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta, uimhearthachta agus TFC a fheabhsú do dhaoine fásta ar mian leo a gcuid inniúlachtaí a fheabhsú agus an rannpháirtíocht fheidhmiúil atá acu sa saol pearsanta, sóisialta agus eacnamaíoch a bhreisiú. Is cláir ilchineálacha sholúbtha iad na cláir a thairgtear. Ina measc tá tacaíocht duine le duine ó oibríthe deonacha, dianteagasc grúpa agus deimhniúchán. Díritear ar thorthaí foghlama ag leibhéal 1-3 den Chreat Náisiúnta Cháilíochtaí.

Tríd an gClár um Scileanna don Obair, soláthraíonn an tseirbhís litearthachta cláir atá dírithe ar leibhéal inniúlachta na bhfostaithe ag a bhfuil leibhéal ísle cháilíochtaí oideachais a bhreisiú, ar scileanna bunriachtanacha TF a fheabhsú agus ar chur ar chumas na bhfostaithe déileáil le hathruithe minice leanúnacha ar chleachtais oibre.

Soláthraíonn an Clár Foghlama Teaghlaigh tacaí ríthábhachtacha do thuismitheoirí atá ar bheagán cáilíochtaí oideachais. Cabhraíonn an clár le deireadh a chur le bacainní trí fhoghlaim a chur ar fáil i gcomhthéacsanna éagsúla.

Soláthraítear teagasc i mBéarla do Chainteoirí Teangacha Eile go dtí Leibhéal 3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Tugtar tús áite don lucht iarrtha tearmainn agus d'oibrítithe imirceacha AE ar ioncam íseal.

Le tacaíocht ón tSeirbhís Treorach, chuaigh mic léinn a ghlac páirt i gcláir Litearthachta d'Aosaigh ar aghaidh chucu seo a leanas: Grúplitearthacht, an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS), an Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas, oiliúint/printíseacht agus fostaíocht lánaimseartha/pháirtaimseartha.

Treoir d'Aosaigh ó Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Soláthraíonn an tseirbhís treorach i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí faisnéis, comhairle agus treoir atá saor in aisce, neamhchlaonta agus faoi rún maidir leis na roghanna oideachais atá ar fáil sa limistéar. Is é aidhm na seirbhíse treorach cabhrú le foghlaiméoirí cinní eolasacha a dhéanamh ar oideachas agus oiliúint a rochtain, ar aistriú laistigh de Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus ar dhul chun cinn a dhéanamh uaidh.

Cuireann an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí tacaíocht ar fáil d'fhoghlaiméoirí aosacha reatha sa Bhord Oideachais agus Oiliúna nach bhfuil rochtain acu ar threoir faoi láthair agus d'aoisigh dhífhostaithe ar lú a gcuid cáilíochtaí ná Leibhéal 6 FETAC agus ar mian leo breisoiliúint nó athoiliúint a fháil. Forbraíodh seirbhís treoirchomhairleoireachta for-rochtana d'aoisigh in Ionaid Oideachais Aosaigh ar fud Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí.

D'oibrigh an tSeirbhís Treorach d'Aosaigh i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí agus grúpaí eile chun próifíl na Seirbhíse a mhéadú, rud a rinne cuid dhílis den bhonneagar tacaíochta d'fhoghlaim aosach i mBord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí di.

Ógtheagmháil

Faoi láthair, is ann do 11 Ionad Ógtheagmhála atá faoi choimirce Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Bíonn cláir ar siúl cúig lá sa tseachtain ar fud na bliana acadúla. Cuirtear clár samhraidh ar fáil freisin ina ndírítear ar fhorbairt phearsanta agus shóisialta an mhic léinn. Cuimsíonn an earnáil Ógtheagmhála fíis agus misean Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí cheana féin agus oibríonn sí de réir a threoirphrionsabal.

Tá beartas rollaithe leanúnaigh i bhfeidhm, rud a chabhraíonn le cláir bheith freagrúil do riachtanais na n-iarratasóirí. Baineann na hionaid úsáid as prionsabail na hoibre don ógra, as stíleanna éagsúla teagaisc agus as cineálacha oideolaíochta cuir chuige chun a chinntiú go mbaineann mic léinn an tairbhe is mó is féidir astu.

Leanann an earnáil Ógtheagmhála ar aghaidh ag díriú ar luathfhágáilithe scoile a thabhairt isteach inár n-ionaid. Rinneadh amhlaidh trí dhul i mbun teagmhála agus comhairle le hiarbhunscoileanna, le gníomhaireachtaí don ógra, leis an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais, le hoifigigh idirchaidrimh don ógra, le pearsanra na Roinne Coimirce Sóisialaí, le Tusla, le hoibrítithe promhaidh agus le haonaid CAMH, etc.

D'fhonn na torthaí a baineadh amach go dtí seo a chomhdhlúthú, bunaíodh **Bord Comhordaitheoirí Ógtheagmhála** chun straitéisí comhaontaithe agus beartais chomhaontaithe a chur chun feidhme agus a chur chun cinn. Chumasaigh sé sin cur chuige aonair a ghlacfadh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí i leith earcaíochta, iontrálacha, na seirbhísí arna soláthar agus dul chun cinn laistigh den earnáil Ógtheagmhála.

Chuir an Bord Comhordaitheoirí **Doiciméad Oibre nua um Fhorbairt Curaclaim** le chéile. Cuireadh faoi bhráid na foirne é i mí Mheán Fómhair. Díríodh sa doiciméad oibre ar Scileanna Boga a theagasc agus a mheas (an Dr Mary Gordon). Toradh díreach ar an obair sin a bheidh i bhfeabhas a chur ar thinreamh agus ar rannpháirtíocht san earnáil. Chomhaontaigh na hionaid ar fad le treoirchlár nua a chur chun feidhme, ag tosú le hoiliúint foirne i mí Mheán Fómhair.

Bonneagar

Oifigí Riaracháin

Le cead ón Roinn Oideachais agus Scileanna, d'fhoirceann Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí an léas ar na hOifigí Riaracháin i dTeach Yeats, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí, an 1 Bealtaine 2015. Tógadh cóiríocht oifige bhreise ar an mbunurlár de 21 Cé Lavitt ar léas ón 15 Márta 2015 i leith. Rinneadh feistiú ar an mbunurlár agus rinneadh oibreacha athchóirithe ar an dá urlár a bhí ann cheana ag Cé Lavitt. Comhaontaíodh leis sin chun cur ar chumas Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí na baill foirne riaracháin go léir a lonnú san aon fhoirgneamh amháin ag 21 Cé Lavitt. Bhog na baill foirne sin isteach san aon fhoirgneamh amháin i mí na Bealtaine 2015.

Mórtionscadail Foirgníochta

Mórtionscadail Foirgníochta – ag céim na tógála

Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí	Mórsíneadh
Coláiste Mhuire, Cill na Mallach	Coláiste Nua
Coláiste Pobal Ghleann Maghair	Mórsíneadh
St. Colman's Community College, Mainistir na Corann	Mórsíneadh

Mórtionscadail Foirgníochta – ag céim na pleanála

Campas Oideachais Charraig Uí Leighin	Campas Nua 3 Scoil
Coláiste Pobal Chloch na Coillte	Mórsíneadh
Coláiste Dáibhís, Mala	Mórsíneadh

Mionsionscadail Foirgníochta

Cóiríocht Bhreise – ag céim na tógála

Coláiste Treasa, Ceann Toirc	1 Sheomra Ginearálta
Coláiste Pobal Scoil Mhuire	2 Sheomra Ghinearálta
Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh	Saotharlann Eolaíochta
Coláiste Bhrogáin Naofa, Droichead na Bandann	Aonad ASD (Neamhord ar Speictream an Uathachais)

Cóiríocht Bhreise – ag céim na pleanála

Coláiste MacAogáin, Maigh Chromtha

Aonad ASD (Neamhord ar Speictream an Uathachais)

Athchóiriú scoileanna/coláistí agus ionad – ag céim na tógála

Na hOifigí Riaracháin, 21 Cé Lavitt

Coláiste Daibhéid

Ionad Oiliúna Chorcaí

Coláiste Uí Mhainchín an Ráth

Coláiste Pobail, Machain

Coláiste Pobail, Scoil Mhuire

Feistiú agus Athchóiriú

Deisiúcháin Síleála de bharr ligin

Deisiúcháin Dín

Athsholáthar na bhFuinneog

Deisiúcháin Dín

Rochtain/Leithris do Dhaoine faoi Mhíchumas

Coláiste Bhrogáin Naofa, Droichead na Bandann

Rochtain/Leithris do Dhaoine faoi Mhíchumas

Coláiste Pobail Cholmáin Naofa, Mainistir na Corann

Athchóiriú na nGáitéar agus na nÉadanchlár

Scoil Naomh Caoimhin

Athsholáthar na bhFuinneog

Coláiste Pobail Toirdhealbach MacSuibhne

Athchóiriú na nGáitéar agus na nÉadanchlár

Coláiste Pobail Toirdhealbach MacSuibhne

Cineálacha Ilghnéitheacha Athchóirithe

Athchóiriú scoileanna/coláistí agus ionad – ag céim na pleanála

Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí

Athsholáthar na bhFuinneog agus na nDoirse

Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh

Deisiúcháin Dín

Coláiste Pobail Naomh Aodhán

Athsholáthar na bhFuinneog

Coláiste Bhrogáin Naofa, Droichead na Bandann

Athsholáthar na bhFuinneog agus na nDoirse

Foirgneamh Eaglais Naomh Eoin

Leithris Nua

Caidrimh thábhachtacha

Is mór ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí na naisc atá cruthaithe aige le príomh-gheallsealbhóirí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Chuige sin, téann an Bord Oideachais agus Oiliúna i gcomhairle le raon leathan comhlachtaí poiblí agus soláthraithe oideachais agus oiliúna agus oibríonn sé i gcomhar leo. Oibríonn Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí go dlúth leis an gComhairle Cathrach agus leis an gComhairle Contae araon agus chuaigh sé isteach i socruithe comhpháirtíochta ar roinnt tionscnamh amhail Giniúint Cheoil agus Féile na Foghlama ar Feadh an tSaoil. Chomh maith leis sin, oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna go dlúth le Coistí Forbartha Pobail Áitiúil agus le Coistí Comhpháirtíochta Áitiúla agus déantar ionadaíocht don Bhord ar Chomhlachtaí Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Ina theannta sin, tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina chomhphátrún ar 12 cheann de Phobalscoileanna/Scoileanna Cuimsitheacha i gCorcaigh agus tá talamh agus réadmhaoin na scoileanna sin dílsithe don Bhord. Tá 11 Choláiste Pobail Ainmnithe faoi rialú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. Feidhmítear na coláistí sin i gcomhpháirt le roinnt de chomhiontaobhaithe/pátrúin reiligiúnacha, go háirithe Deoise Chorcaí agus Rois agus Deoise Chluana.

Le linn na bliana, d'oibrigh Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí i gcomhar le líon mór eagraíochtaí agus institiúidí eile chun uaireanta teagaisc nó cúnamh airgeadais a sholáthar. Áiríodh leis na heagraíochtaí sin Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Foróige, agus Ceardlanna Oiliúna Pobail.

Is mór ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí na naisc atá aige leis an lucht tionscail i gCorcaigh agus leanann sé ar aghaidh á bhforbairt chun a chinntiú go bhfuil an soláthar seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna oiriúnach do riachtanais na n-earnálacha tionsclaíochta éagsúla ionas go mbeidh ár mic léinn in ann fostaíocht ábhartha fhiúntach a fháil.

Achoimre Airgeadais

Is ón Roinn Oideachais agus Scileanna a thagann an chuid is mó de chistiú Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí chun oideachas dara leibhéal a sholáthar. Is iad SOLAS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna a chistíonn an Bord chun cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a sholáthar. Sa bhliain 2013/2014, fuarthas cistiú le haghaidh tionscadail shonracha ó Ranna Rialtais agus ó Ghníomhaireachtaí eile, lena áiríodh iad seo a leanas:

- An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta
- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh
- Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige
- An Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta
- An tAontas Eorpach.

Tiomsaítear cistí freisin trí tháillí a ghearradh i leith seirbhísí amhail teagasc, seomraí a ligean ar cíos agus gníomhaíochtaí a reáchtáil ar leibhéal áitiúil. B'ionann agus €182,497,558 fáltais an Bhoird don bhliain 2015. Déanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí gach bliain. Leagann an tArd-Reachtair tuarascáil maidir le maoirseacht airgeadais an Bhoird faoi bhráid an Oireachtais ina dhiaidh sin. De na fáltais iomlána a gnóthaíodh an bhliain seo caite, bhain suim €15,670,208 leis an gclár caipitil. Tá an ráiteas bliantúil aschuir le fáil in Aguisín 2.

Deimhnímse, mar Chathaoirleach, go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí freagrach as cuntais a choinneáil. Deimhním freisin go bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ag cloí go hiomlán lena chuid oibleagáidí faoin reachtaíocht ioncaim.

Sínithe: _____

Dáta: _____

An Comh. Patrick Gerard Murphy
Cathaoirleach, Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Giorrúcháin

AEGC	Treoirchomhairleoir Oideachais Aosaigh
AES	An tSeirbhís um Oideachas Aosach
BTEI	An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
C&AG	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
CC	Coláiste Pobail
CEO	Príomhfheidhmeannach
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
DEIS	Comhionannas Deiseanna a Sholáthar i Scoileanna
DES	An Roinn Oideachais agus Scileanna
FET	Breisoideachas agus Oiliúint
TFC	Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
TF	Teicneolaíocht Faisnéise
ITABE	Dianteagasc san Oideachas Bunata Aosach
LCA	An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
NCCA	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
PDST	An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
PLC	An Iar-Ardteistiméireacht
QA	Dearbhú Cáilíochta
SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
ETB	Bord Oideachais agus Oiliúna
VTOS	An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
VEC	Coiste Gairmoideachais

Aguisín 1

Scoileanna, Ionaid Oideachais agus Fochoistí atá faoi rialú ag Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Scoileanna

Ainm	Rollú	Ainm	Rollú
Coláistí Iar-bhunscoile			
Coláiste Pobail, an Cóbh	259	**Coláiste Pobail Chloch na Coillte	583
** Coláiste Pobail Áth an Chóiste	592	Coláiste an Chraoibhín, Mainistir Fhear Maí	556
Coláiste Daibhéid, Corcaigh	232	**Coláiste Pobail Bheantraí	693
**Coláiste Choilm, Baile an Chollaigh	1377	Coláiste MacAogáin, Maigh Chromtha	269
**Coláiste Ghobnatan, Baile Bhuirne	209	**Coláiste Pobail Naomh Muire (Cill na Mallach)	247
Coláiste Treasa, Ceann Toirc	504	Coláiste Daibhís, Mala	1174
** Coláiste Pobail Ghleann Maghair	981	Coláiste Uí Mhainchín, An Ráth	29
**Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin	20	Scoil Mhuire, Béal Átha an Ghaorthaidh	107
Terence McSwiney Community College, Cnoc na hAoine	277	** Coláiste Pobail Mhuire gan Smál	502
** Coláiste Pobal de Nóglá	179	Rossa College, an Sciobairín	250
** Coláiste Pobail Naomh Aodhán	560	Colaiste Fionnchúa, Baile Mhistéala	294
Coláiste Bhrogáin Naofa, Droichead na Bandann	690	Coláiste Pobail Cholmáin Naofa, Mainistir na Corann Mainistir na Corann	788
** Coláiste Pobal Scoil Mhuire	441		
Coláistí Iar-Ardteistiméireachta			
Coláiste Naomh Sean	1168	Coláiste Stiofáin Naofa, Bóthar na Trá Móire	777
Coláiste Tráchtála Chorcaí	1945		

**Is Coláistí Pobail Ainmnithe iad na coláistí seo; tá Comhaontú Samhla i bhfeidhm idir Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí agus Deoise Chorcaí agus Rois nó Deoise Chluana ina leith

Ionaid Oideachais agus Oiliúna

Seirbhísí Tacaíochta Foghlama Chathair Chorcaí
Ionad Oiliúna Chorcaí, Ascaill Rosa
Ionad Oiliúna, Carraig Uí Leighin

Ionaid Ógtheagmhála

Baile an Chollaigh
Sráid an Déin
Cnoc na hAoine
Mala

Droichead na Bandan
Mainistir Fhear Maí
Maigh Chromtha
Eochail

Beanntraí
An Gleann
Machain

Pobalscoileanna ar a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhiontaobhaí

Scoil Pobail Carrig Uí Leighin
Pobalscoil na Tríonóide, Eochail
Scoil Pobail na Dubhglaise
Scoil Pobail Baile an Easpaig
Scoil Pobail Beara

Scoil Pobail Sráid a' Mhuillin
Scoil Pobail Cionn tSáile
Scoil Pobail Gort Álainn
Scoil Pobail Baile an Chollaigh
Scoil Pobail Naomh Peadar

Scoileanna Cuimsitheacha ar a bhfuil Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhphátrún

Scoil Cuimsitheach Ashton
Scoil Cuimsitheach an Bothar Búi

Scoileanna Náisiúnta Pobail

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ina Chomhphátrún ar dhá Scoil Náisiúnta Pobail. Is iad sin, Scoil Chlíodhna, Carraig Thuathail, agus Scoil Aonghusa, Mala.

Coistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

An Coiste Airgeadais
An Coiste Iniúcháireachta
An Coiste don Ógra

AGUISÍN 2

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Cuntas Oibriúcháin do na hOcht Mí Dhéag dar críoch an 31 Nollaig 2015

	Nóta	Bliainghrúpa 31/12/2015 €	Na 18 Mí dar críoch an 31/12/2014 €
FÁLTAIS			
Scoileanna agus Deontais ón gCeannoifig	1	104,104,048	153,633,598
Deontais Bhreisoideachais agus Oiliúna	2	48,998,104	59,447,593
Deontais Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn	3	237,643	2,466,799
Deontais Seirbhísí don Ógra	4	3,198,442	4,749,811
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoiniúcháin	5	10,289,113	15,452,258
Deontais Chaipitil	6	15,670,208	5,125,450
		<u>182,497,558</u>	<u>240,875,509</u>
ÍOCAÍOCHTAÍ			
Scoileanna agus Ceannoifig	7	103,058,893	153,935,391
Breisoideachas agus Oiliúint	8	50,998,250	58,400,318
Seirbhísí Tacaíochta Mac Léinn	9	371,002	2,276,910
Seirbhísí don Ógra	10	3,366,541	5,255,120
Gníomhaireachtaí agus Tionscadail Féinmhaoiniúcháin	5	9,882,810	13,744,804
Caipiteal	6	13,989,835	4,566,029
		<u>181,667,331</u>	<u>238,178,572</u>
Barrachas/(Easnamh) Airgid don Tréimhse		830,227	2,696,937
Gluaiseacht i nGlansócmhainní Reatha Eile	21	<u>(854,812)</u>	<u>(2,799,965)</u>
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim Fabhraithe don Tréimhse		(24,585)	(103,028)
Barrachas/(Easnamh) Ioncaim ag an 01/01/2015		(730,103)	(627,075)

Barrachas/(Easnamh) Ioncaim ag an 31/12/2015

(754,688)	(730,103)
-----------	-----------
